Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7715/22**
**ADD 1**

**COH 24**
**FIN 377**
**ENER 108**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 dar teideal 'Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair - Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mar a d'ullmhaigh agus mar a chomhaontaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí iad an 22 Márta 2022.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**
**Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair - Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal’**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ’“an Chúirt’ anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur measadh in iniúchadh na Cúirte cé acu a caitheadh nó nár caitheadh go fónta Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe sa chlárthréimhse 2014-2020 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair; sa chomhthéacs sin, rinne an Chúirt athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- ar mheas an Coimisiún agus na Ballstáit ar baineadh an úsáid is iomchuí as cistí an Aontais i bhfianaise na gcuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh;
- ar bhain na Ballstáit úsáid as nósanna imeachta lenar féidir tionscadail éifeachtúla a roghnú;
- An bhféadfadh torthaí na dtionscadal feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair a léiriú;

(3) ADMHAÍONN SÍ gur cuid bhunriachtanach í, an éifeachtúlacht fuinnimh, d’uaillmhian an Aontais a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050, CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh gach earnáil den gheilleagar éirí níos tíosaí ar fhuinneamh chun go n-éireoidh leis an aistriú fuinnimh, agus cuireann sí in iúl go bhfuil cistí an bheartais comhtháthaithe ar phríomhfhoinsí cistiúcháin an Aontais chun tacú le hinfheistíochtaí díreacha in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair;

(4) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé tábhachtach feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh a bhainistiú má táimid le deireadh a chur de réir a chéile lenár spleáchas ar ghás, ola agus gual ón Rúis, agus cúinsí náisiúnta agus roghanna na mBallstát maidir lena meascán fuinnimh á gcur san áireamh, mar a luaitear i nDearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a bhfuil méaduithe praghsanna agus saincheisteanna maidir le briseadh sa slabhra soláthair ag bagairt orthu a chur i gcrích go rathúil;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Níor mheas an Coimisiún agus na Ballstáit go sonrach an fhéidearthacht atá ann éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfiontair sa tréimhse 2014-2020;
- Ina gCláir Oibríochtúla, leag formhór na mBallstát síos cuspóirí atá nasctha le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, ach nach bhfuil nasctha go sainráite le cuspóirí na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh;
- Leag na húdaráis bhainistíochta síos critéir éifeachtúlachta fuinnimh agus, uaireanta, critéir chostéifeachtúlachta chun tionscadail a roghnú, ach níor bhain an chuid is mó acu úsáid as táscairí lena sheiceáil an raibh na hinfheistíochtaí inmharthana ó thaobh airgeadais de;
- Maidir leis na hinfheistíochtaí a rinneadh san éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, bhí siad éifeachtúil go ginearálta, ach ní leor critéir éifeachtúlachta a úsáid chun an meánchostas a bhaineann le coigilt fuinnimh a laghdú go suntasach;
- I gclárthréimhse 2014-2020, tá na táscairí lena dtomhaistear feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair clárshonrach, agus ní féidir iad a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais; ach i gcás 2021-2027, meastar go bhfuil gá fós le ranníocaíocht ó chistí an bheartais comhtháthaithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh;

(6) TAGANN SÍ le freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Cé gur cheart ailíniú na gClár Oibríochtúil leis na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a áirithiú, bhí sé deacair sin a dhéanamh sa chlárthréimhse 2014-2020 cionn is gur ullmhaíodh agus gur glacadh na pleananna sin ag amanna éagsúla. Maidir le clárthréimhse 2021-2027, déanfar an measúnú ar rannchuidiú chistí an bheartais comhtháthaithe le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar na cláir agus ar chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin a bhaineann leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide;
- Ní mór breithniú a dhéanamh sna measúnuithe ar chostéifeachtúlacht, ní hamháin ar an gcoigilteas fuinnimh, ach ar na tairbhí iomadúla a bhaineann le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, ar an rannchuidiú leis na hilchuspóirí beartais idirghabhálacha a cuireadh chun feidhme, agus ar na tairbhí a bhaineann leo sa bhreis ar an gcoigilt fuinnimh;
- Tá earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh ar na hearnálacha ina bhfuil an bhearna infheistíochta is mó san Aontas, agus d'fhéadfadh cistiú ón Aontas a bheith ina spreagadh chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus a ghiaráil;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ mar sin ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

- Agus meastóireacht á déanamh aige ar chlárthréimhse 2014-2020, measúnú a dhéanamh freisin ar thionchar sonrach tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh ar fhiontair;
- Maidir le clárthréimhse 2021-2027, measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an fheabhsaithe atá le baint amach san éifeachtúlacht fuinnimh, an iomchuí an ionstraim chistiúcháin atá tiomnaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh a roghnaíodh, agus ar bhonn níos ginearálta, an iomchuí é chun cur le cuspóirí aeráide ar bhealach éifeachtúil.